



CLÓ IAR-CHONNACHT

Cúirt
International
Festival of Literature
Féile Idirnáisiúnta Litríochta

Preasráiteas: 15 Aibreán, 2021

Eisithe ag Cló Iar-Chonnacht i gcomhar leis an bhFéile Idirnáisiúnta Litríochta CÚIRT

Ceannlíne: Ceardlanna scríbhneoireachta ar théama an dinnseanchais á reáchtáil ag Cló Iar-Chonnacht i gcomhar le Cúirt 2021.

Stiúrthóirí na gCeardlann:

Máire Uí Dhufaigh agus **Micheál Ó Conghaile**

Tá sé i gceist ag an bhFéile Idirnáisiúnta Litríochta CÚIRT i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht agus le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta, dhá cheardlann a eagrú trí Zoom do scríbhneoirí Gaeilge i rith mhí na Bealtaine, 2021. An téama a bheidh ag na ceardlanna ná 'Saothair Nuascríofa Bunaithe ar an Dinnseanchas'.

Ceardlann 1: Filíocht, 10 Bealtaine 2021, 19.00–21.00

Ceardlann 2: Prós, 17 Bealtaine 2021, 19.00–21.00

Tugtar cuireadh do scríbhneoirí Gaeilge ar mhaith leo a bheith páirteach sna ceardlanna saothar dá gcuid (dán nó dhó nó píosa próis – ficsean nó aiste – gan dul thar 5 leathanach) a bhaineann le gné éigin den **dinnseanchas** a sheoladh chuig moccic22@outlook.com ROIMH an **5 Bealtaine 2021**.

- Beidh spás do sheisear ar gach ceardlann.
- Is féidir le hiarrthóirí cur isteach ar an dá cheardlann.
- Beidh fáilte roimh scríbhneoirí a bhfuil saothair foilsithe cheana acu agus roimh scríbhneoirí atá ag tosú.
- Níl aon táille le n-íoc as freastal ar na ceardlanna seo.

Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag na ceardlanna.

Tuilleadh eolais:

Micheál Ó Conghaile

Cló Iar-Chonnacht

An Spidéal

Co. na Gaillimhe

Ríomhphost: moccic22@outlook.com

Guthán: (091) 593307

www.cic.ie

Tá na ceardlanna seo á n-eagrú le tacaíocht ó Ealaín na Gaeltachta

